**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/977 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 22 Meitheamh 2022**

**lena nglactar le dhá iarraidh ar stádas táirgeora onnmhairiúcháin nua i ndáil leis na bearta cinntitheacha frithdhumpála arna bhforchur ar snáthanna ardrighnis as poileistir de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a allmhairiú tar éis athbhreithniú éaga a bheith déanta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/325 ón gCoimisiún**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"),

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/325 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí snáthanna ardrighnis as poileistir de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ([2]), agus go háirithe Airteagal 2 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

A. NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM

(1) An 29 Samhain 2010, d'fhorchuir an Chomhairle dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí snáthanna ardrighnis as poileistir ("an táirge lena mbaineann") de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1105/2010 ón gComhairle ([3]) ("an Rialachán bunaidh").

(2) An 26 Feabhra 2017, tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún síneadh 5 bliana eile le bearta an Rialacháin bunaidh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/325.

(3) San imscrúdú a raibh sé mar thoradh air dleachtanna frithdhumpála a fhorchur ("an t-imscrúdú bunaidh"), cuireadh sampláil i bhfeidhm san imscrúdú bunaidh chun táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne a imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán. Na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla, liostaítear iad san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/325.

(4) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne, d'fhorchuir an Coimisiún rátaí dleachta frithdhumpála aonair idir 0 % agus 9,8 % ar allmhairí an táirge lena mbaineann. Forchuireadh ráta dleachta 5,3 % ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha nár áiríodh sa sampla.

(5) De bhun Airteagal 4 den Rialachán bunaidh, féadfaidh an Coimisiún an iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú tríd an ráta dleachta is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla a dheonú do tháirgeoir onnmhairiúcháin nua, i gcás inar leor an fhianaise a thugann táirgeoir onnmhairiúcháin nua i nDaon-Phoblacht na Síne don Choimisiún maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe ar a mbunaítear na bearta, is é sin ón 1 Iúil 2008 go dtí an 30 Meitheamh 2009) ("tréimhse an imscrúdaithe bunaidh") ("an chéad choinníoll NEPT");

(b) nach bhfuil gaol aige le haon cheann de na honnmhaireoirí ná na táirgeoirí i nDaon-Phoblacht na Síne atá faoi réir bearta frithdhumpála a fhorchuirtear leis an Rialachán bunaidh ("an dara coinníoll NEPT"); agus

(c) go ndearna sé an táirge i gceist a onnmhairiú go hiarbhír chuig an Aontas tar éis dheireadh thréimhse an imscrúdaithe bunaidh nó go ndeachaigh sé isteach in oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe chun méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas ("an tríú coinníoll NEPT").

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO L 49, 25.2.2017, lch. 6.
([3]) IO L 315, 1.12.2010, lch. 1.

B. IARRATAÍ AR STÁDAS TÁIRGEORA ONNMHAIRIÚCHÁIN NUA

(6) Chuir na cuideachtaí Fujian Billion Polymerization Fiber Technology Industrial Co., Ltd. agus Zhejiang Sanwei Material Technology Co., Ltd. (na "hiarratasóirí") iarratas faoi bhráid an Choimisiúin go ndeonófaí stádas táirgeora onnmhairiúcháin nua ("NEPT"). D'éiligh na hiarratasóirí gur chomhlíon siad na trí choinníoll atá leagtha amach in Airteagal 4 den Rialachán bunaidh ("coinníollacha NEPT").

(7) Chun a chinneadh ar chomhlíon na hiarratasóirí na coinníollacha chun go ndeonófaí NEPT dóibh, chuir an Coimisiún ceistneoir ar dtús chuig na hiarratasóirí inar iarradh fianaise orthu a léiríonn gur chomhlíon sé coinníollacha NEPT.

(8) Tar éis anailís a dhéanamh ar na freagraí ar an gceistneoir, d'iarr an Coimisiún tuilleadh faisnéise agus fianaise tacaíochta, rud a chuir na hiarratasóirí faoina bhráid.

(9) D'fhéach an Coimisiún le gach faisnéis a mheas sé a raibh gá léi a dheimhniú lena chinneadh ar chomhlíon an hiarratasóirí coinníollacha NEPT. Chuige sin, rinne an Coimisiún anailís ar an bhfianaise a chuir na hiarratasóirí isteach ina bhfreagra ar an gceistneoir trí bhunachair sonraí éagsúla ar líne a cheadú lena n-áirítear Orbis ([4]) agus trí fhaisnéis a bhaineann leis an gcuideachta a chros-seiceáil san fhaisnéis atá ar fáil don phobal ar an idirlíon. I gcomhthráth, chuir an Coimisiún tionscal an Aontais ar an eolas faoin iarraidh ó na hiarratasóirí agus d'iarr sé air barúlacha a thabhairt, má mheastar gur gá sin. Níor chuir tionscal an Aontais barúlacha isteach maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann iarratasóirí coinníollacha NEPT.

C. ANAILÍS AR NA IARRATAÍ

**Fujian Billion Polymerization Fiber Technology Industrial Co., Ltd. ("Billion")**

(10) Maidir leis an gcéad choinníoll NEPT, le linn na tréimhse imscrúdaithe bunaidh, ní raibh aon acmhainneacht táirgeachta snátha tionsclaíoch ag Billion agus, dá bhrí sin, níor onnmhairigh sé chuig an Aontas. Rinne Billion infheistíocht in acmhainneacht táirgeachta den sórt sin ó 2019 ar aghaidh ([5]). Dá bhrí sin, agus cheal aon fhianaise dá mhalairt, comhlíonann an t-iarratasóir an coinníoll sin.

(11) Maidir leis an dara coinníoll NEPT, shuigh an Coimisiún nach mbaineann Billion le haon cheann de tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne atá faoi réir na mbeart frithdhumpála bunaidh. Thairis sin, rinne an Coimisiún scrúdú ar scairshealbhóirí Billion agus níl aon cheann acu faoi réir na mbeart frithdhumpála a fhorchuirtear leis an Rialachán bunaidh. Dá bhrí sin, comhlíonann an t-iarratasóir an coinníoll sin.

(12) Maidir leis an tríú coinníoll NEPT, shuigh an Coimisiún gur onnmhairigh an t-iarratasóir chuig an Aontas in 2021, mar sin, tar éis na tréimhse imscrúdaithe bunaidh. Chuir Billion sonraisc isteach, liosta pacála, bille luchta agus admháil íocaíochta ar ordú a chuir cuideachtaí atá lonnaithe sa Bheilg agus san Ísiltír in 2021 isteach. Dá bhrí sin, comhlíonann Billion an coinníoll sin.

(13) Dá réir sin, comhlíonann Billion gach ceann de na trí choinníoll NEPT atá le deonú agus ba cheart glacadh leis an iarraidh. Dá réir sin, ba cheart an t-iarratasóir a bheith faoi réir dleacht frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla le linn an imscrúdaithe bunaidh.

**Zhejiang Sanwei Material Technology Co., Ltd. ("Sanwei")**

(14) Maidir leis an gcéad choinníoll NEPT, shuigh an Coimisiún nár onnmhairigh an t-iarratasóir chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe bunaidh mar gur bunaíodh Sanwei i nDeireadh Fómhair 2017. Dá bhrí sin, agus cheal aon fhianaise dá mhalairt, comhlíonann an t-iarratasóir an coinníoll sin.

(15) Maidir leis an dara coinníoll NEPT, shuigh an Coimisiún nach mbaineann Sanwei le haon cheann de tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne atá faoi réir na mbeart frithdhumpála bunaidh. Thairis sin, rinne an Coimisiún scrúdú ar scairshealbhóirí Sanwei agus níl aon cheann acu faoi réir na mbeart frithdhumpála a fhorchuirtear leis an Rialachán bunaidh. Dá bhrí sin, comhlíonann an t-iarratasóir an coinníoll sin.

([4]) Is soláthraí domhanda sonraí faisnéise corparáidí é Orbis agus cumhdaíonn sé níos mó ná 220 milliún cuideachta ar fud an domhain. Soláthraíonn sé faisnéis chaighdeánaithe faoi chuideachtaí príobháideacha agus faoi struchtúir chorparáideacha go príomha.

([5]) https://www.oerlikon.com›ecoma›files›2020-07_OBA_Billion_IDY_en.pdf

(16) Maidir leis an tríú coinníoll NEPT, shuigh an Coimisiún gur onnmhairigh an t-iarratasóir chuig an Aontas in 2021, tar éis thréimhse an imscrúdaithe bunaidh. Chuir Sanwei sonraisc isteach, liosta pacála, bille luchta agus admháil íocaíochta ar ordú a chuir cuideachta Ghearmánach in 2021 isteach. Dá bhrí sin, comhlíonann Sanwei an coinníoll sin.

(17) Dá réir sin, comhlíonann Sanwei gach ceann de na trí choinníoll NEPT atá le deonú agus ba cheart glacadh leis an iarraidh. Dá réir sin, ba cheart an t-iarratasóir a bheith faoi réir dleacht frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla le linn an imscrúdaithe bunaidh.

## D. NOCHTADH

(18) Cuireadh na hiarratasóirí agus tionscal an Aontais ar an eolas faoi na fíricí agus na breithnithe riachtanacha ar ar a mbonn a measadh gurbh iomchuí an ráta dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla den imscrúdú bunaidh a dheonú do Fujian Billion Polymerization Fiber Technology Industrial Co., Ltd. agus Zhejiang Sanwei Material Technology Co., Ltd.

(19) Tugadh an deis do na páirtithe barúlacha a chur isteach. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(20) Tá an Rialachán i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirfear na cuideachtaí seo a leanas leis an liosta de tháirgeoirí onnmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/325:

| Cuideachta | Cód breise TARIC |
|---|---|
| Fujian Billion Polymerization Fiber Technology Industrial Co., Ltd. | A977 |
| Zhejiang Sanwei Material Technology Co., Ltd. | A977 |

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Meitheamh 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN